

❖ An Lúibín ❖

4 Feabhra 2013

Díolaim Astrálach

Sa bhliain 1963 foilsíodh *The Wearing of the Green*, cruasach de bhéaloideas, de litríocht, d'fhinscéalaíocht agus d'amhráin na nÉireannach san Astráil.¹ Bill Wannan a chuir in eagar é agus is leabhar an-suimiúil fós é. Ní raibh Wannan róshásta leis na hiarrachtaí a rinneadh roimhe sin.

I therefore felt that for the general reader in this day and age the achievement of Irish migrants in Australia could best be illustrated by choosing a number of representative people – great and humble, illustrious and notorious, - and showing them in close-up, so to speak, using their own speech or writings wherever possible. In addition, I have supplemented these portraits and confessions with a considerable number of ballads and folk-yarns; and I have sought in Australian literature for poems, short stories and narratives which seemed to me to throw some light on the ways that in which Irish men and women have adapted themselves to their new land and how they have tended to look on the land they left.²

Tugann sé léargas leathan ar shaol na nÉireannach, idir uasal agus íseal, ach níl tagairt ar bith don Ghaeilge ann, cé gur chainteoirí Gaeilge iad formhór na ngnáth-Éireannach a bhain an Astráil amach. Níor tuigeadh sna seascaidí cén tábhacht a bhí leis an nGaeilge mar theanga inimirceach, agus ní raibh taighde déanta ar stair na teanga san Astráil. Tá toradh an taighde sin le fáil anois, go háirithe in *Hidden Ireland in Victoria*, saothar le Val Noone.³

Ní mór a admháil gur gann iad na hiarsmaí a d'fhág an Ghaeilge san Astráil ó thaobh na staire de: roinnt bheag lámhscríbhinní, roinnt bheag inscribhinní, beagán béaloidis. Ba dheas an rud é (dá mb'fhéidir) díolaim a chur i dtoll a chéile: amhráin, scéalta, seanfhocail. Is é an deacracht atá ann nár tugadh iarracht ar bith ar a leithéid a bhailiú anseo nuair ba threise a bhí an Ghaeilge in New South Wales agus in Victoria, i seascaidí agus i seachtóidí an 19ú haois; ach níorbh é sin ré mhór na mbailitheoirí in Éirinn féin. Sna nóchaidí a chuathas i mbun oibre i gceart ansiúd, timpeall an ama a bunaíodh Conradh na Gaeilge. D'fhéadfaí é a dhéanamh san Astráil chomh déanach le fichidí an 20ú haois, ach níor rith sé le haon duine gurbh fhiú dul chun cainte leis na seandaoine.

An t-ábhar a raibh fáil ag Wannan air i mBéarla ar éigean atá a leithéid le fáil i nGaeilge san Astráil – cuimhní cinn, cuntais staire, véarsaíocht, bailéid agus scéalta. Níl teacht ar dhialanna ná ar litreacha i nGaeilge ach oiread. Más mian linn léargas a fháil, mar sin, ar intinn na gcainteoirí Gaeilge, caithfimid a bheith i dtaobh lenar bailíodh in Éirinn lena linn. Léiriú indíreach é: ach sin cnámh agus cuirimis feoil air. Ba mhór an chabhair chuige tráchtairacht chruinn a bheith in éineacht leis.

Déanfar an scéal seo a phlé arís sa chéad eagrán eile.



Trí Préacháin

¹ *The Wearing of the Green: The lore, literature, legend and balladry of the Irish in Australia*. Edited by Bill Wannan. Landsdowne 1963.

² *Ibid.*, lch xiv.

³ Noone, Val. *Hidden Ireland in Victoria*. Ballarat Heritage Services 2012.

Mar léiriú ar a ndúradh thuas, seo scéal traidisiúnta as *Sgeuluidheacht Chúige Mumhan* (1895). Pádraig Ua Laoghaire (1870-1896) a bhailigh é: cainteoir dúchais agus scoláire éirimiúil a rugadh sna hInsi i mBéara i gContae Chorcaí. Dealraíonn sé gurb é *An Gaodhal*, iris Meiriceánach, a mhúscail a shuim i saothrú na Gaeilge. (Féach <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=0086>.)

Tá roinnt de théamaí coitianta na scéalaíochta le fáil anseo. Níl teorainn idir an saol nádúrtha agus an saol daonna (más ceadmhach a leithéid d'ídirdealú a dhéanamh): guth na críonnachta agus na draíochta atá ag na préacháin, guth a thagann as an diamhair atá istigh ionainn agus inár dtimpeall, agus ar fiú éisteacht leis chun fios ár mbealaigh a fháil. Tá dea-chomhairle ann agus neamhthrócaire: imrítear díoltas ar an duine mioscaiseach. Tá sé le tuiscint as an scéal go bhfuil dlí ann arb é dlí an nádúir sa chiall is leithne é: moraltacht nach mbaineann le teagasc Chríost.

Pé daoine a thug an t-ábhar seo do Phádraig Ua Laoghaire leagadh slat na heagarthóireachta sular foilsíodh é:

Do léigh Seaghán O hOgáin na fromhtha dom agus bhí comh maith agus na focail agus na ráidhte ba dhóigh leis bheith do-thuigthe do'n léightheoir coitchionn do chur i n-iúl dom.

Ní dhéanann sé na scéalaithe a ainmniú, cé nach bhfuil aon amhras ann ná gur bailíodh na scéalta i measc a mhuintire féin. Agus scéalta breátha iad, go háirithe an ceann atá le fáil anseo.

Cóiríodh an litriú agus rinneadh roinnt mionathruithe eile de réir na canúna chun an téacs a dhéanamh níos soléite don léitheoir atá anois ann. Tá trasríobh den bhunleagan le fáil mar a leanas:

http://research.dho.ie/fng/index.php?fng_file=M170.TXT&fng_function=1 *Acadamh Ríoga na hÉireann*

Na Trí Préacháin.

Do bhí triúr buachaillí comharsan gan ór gan airgead gan talamh gan treo, gan aon tsaibhreas eile ach saol gadhair agus sláinte an bhradáin. Do chuadar a dtriúr don domhan thoir, agus deintear fir feadhma díobh i n-armáil rí áirithe. Fear socair soilbhír teilgeach tarraigeach⁴ b'ea ceann acu, acht i dtaoibh na beirte eile, do raghaidís trí poll tráthaire ar bhraon biotáille, nó bhainfidís an tsrón don áibhirseoir dá dteangódh sé⁵ leo i dtroid. D'fhanadar le cois an rí seo go ceann seacht mbliain.

"Imeod abhaile amáireach," arsan fear socair leis an mbeirt eile.

"Raghaimídne led' chois," arsan beirt eile.

"Cad dob áil libhse abhaile" ar seisean, "agus gan pingin 'n bhur bpóca?"

"Ó b'fhéidir ná fuilimid comh dealbh agus is dóigh leat," arsa ceann den bheirt.

An lá arna mháireach d'imíodar a dtriúr leo, agus do ghaibh orthu féin triall dá mbaile dúchais. Do bhíodar ag dul ó dhúthaigh go dúthaigh go dtarlaigh coill mhór uaigneach orthu trínar chaitheachtain dóibh gabháil.⁶ Agus iad ina coimhleathan⁷ rug an bheirt ar an bhfear socair agus do cheangail le córdaibh caola cnáibe de chrann é, agus do bhain na súile as; do phioc a raibh d'airgead aige uaidh, do scaoileadar ansan é, thug a mbóthar orthu, agus d'fhág seisean mar a raibh aige i gcosair chró.

D'fhan sé mar sin go ceann trí lá. Ansan do thúirling tri préacháin ar chrann taobh leis. Do bhí a mheabhair aige fós. Do thosnaíodar ag caint le na chéile; agus b'fhéidir leis-sean a gcaint agus caint gach éin sa domhan do thuiscint.

⁴ Tarraigeach = tarraingeach; gan an-chaitheamh a thabhairt ar rud

⁵ Dá dteangódh sé – dá dteagmhódh sé

⁶ Trínar chaitheachtain dóibh gabháil – a gcaithfidís gabháil trithi

⁷ Ina coimhleathan – ina lár

"Nár shocair shásta bheadh an duine dá mbeadh mo chuid feasa-sa aige," arsan chéad phréachán leis an mbeirt eile.

"Conas san?" ar siadsan.

"Mar is eol domhsa," ar seisean. "dá mb'fhéidir leis an bhfear ar baineadh na súile as iad d'fháil - agus táid le hais buin crainn in aice leis - a lámha a chuimilt don drúcht, agus na súile chur 'na n-áit arís do bheidís chomh maith agus do bhíodar riamh."

"Nár shocair shásta don duine dá mbeadh mo chuid feasa-sa aige?" ars an tarna préachán leis an mbeirt eile.

"Conas san?" ar siadsan.

"Ná fuil sé," ar seisean, "ag dul de dhochtúiríbh an domhain iníon rí na háite seo a leigheas, agus luibh agus fás díreach donn mar a bhfuil na súile, dhéanfadh í a leigheas i leathnóimeat, acht í do bhaint agus do bheiriú, agus an t-uisge ina mbeireofaí í a thabhairt di le n-ól; ansan do bheadh sí chomh maith faoi shaol agus faoi shláinte agus do bhí riamh roimhe sin."

"Nár shocair shásta don duine dá mbeadh mo chuid feasa-sa aige?" ars an tríú préachán leis an mbeirt eile.

"Mar," ar seisean, "tá rí na háite seo chun ardchathair a ríochta a thréigean, do bhrí go bhfuil easpa uisce ag cur uirthi. Dá gcuirí poll mór sa gcarraig chiardhuibh atá ag an gceann thoir den chathair do scéithfeadh⁸ uisce go leor do sheacht gcathraich aisti."

Ansan d'imigh na trí préacháin leo. Do chuartaigh seisean; do fuair sé a shúile, do chuimil a lámha don drúcht, do chuir na súile ina n-áit arís, agus lomláithreach do bhí a radharc aige chomh maith agus do bhí aon lá riamh, nó b'fhéidir niachan níos fearr. Do fuair sé an luibh leis,⁹ do chuir ina phóca í, agus thug a bhóthar air gur shroich sé cúirt rí na háite sin. Nuair a tháinig go ruig geata na cúirte, do bhuail agus d'iarr cead é a ligean isteach.

"Cad tá uait?" arsan geatóir.

"Iníon an rí d'fheiscint chun í do leigheas," ar seisean.

"Tar isteach," ars an geatóir, "más maith leat do cheann do bheith caite dhíot."

"Do baineadh na súile cheana asam," ar seisean, "agus dá dheasca sin ní bheadh ionadh orm dá mbaintí an ceann anois díom."

"Isteach leat mar sin," arsan geatóir.

Laistigh den gheata bhí na céadta blaosc.

"Cad é an mí-ádh a shaothraigh na blaosca so san áit seo," ar seisean, "nó cad dob áil leo ann in aon chor?"

"Sin cinn na ndochtúirí," arsan fear eile. "nár éirigh leo iníon an rí a leigheas; agus is géarr go mbeidh do cheannsa ina cheann ina measc, má théann díot, agus is dócha gur dhá chéile sibh."

Níor lagaigh sin misneach an dochtúra. Do chuaigh sé os comhair an rí, agus dúirt gur theastaigh uaidh a iníon d'fheiscint go leigheasfaí í.

"Is beag an bhrí dhuit a bheith léi," ars an rí, "agus go ndeachaidh san, de ghníomh go deo de dhochtúiríbh cheana; do gheobhairse do thoil ámh; acht mura rithfidh leat bainfear an ceann ón gcolainn díot mar do deineadh le cách eile, romhat."

⁸ Do scéithfeadh - *sceithfeadh*

⁹ Leis - *freisin, chomh maith*

"Táim sásta," ars an dochtúir agus d'osclaíodh doras sheomra iníon an rí dhó. Do bhí sí ina luí ina leaba, beag nach le béalaibh báis. D'ordaigh sé an áit d'fhágaint faoi féin, agus fágadh. Do thóg sé amach an luibh ansan, do bheirigh í, agus thug tarrac na té¹⁰ uirthi, agus ansan thug cuid den uisce ina mbeiríodh í don mhnaoi bhreithe. Ní túisce a bhí ólta aice ná bhí sí ina sán-rith arís, agus do chuaigh go ruig a hathair, agus go deimhin ní mó an t-áthas do bhí uirthi féin ná airsean. Do ghlaigh sé an dochtúir chuige láithreach bonn, agus dúirt -

"Thabharfainn duit m'iníon anois i gcleamhnas ach do gheobhadh sibh bás d'easpa uisce sa gcathair seo."

An lá arna mháireach do chuaigh iníon an rí agus an dochtúir ag aeraíocht dóibh féin i gcairt an rí. Do thiomáineadar leo go ruig an ceann thoir don chathair; do chonaic an dochtúir carraig chiardhubh an-mhór ard ann.

"Táim lándeimhneach," ar seisean le hinín an rí, "go bhfuil uisce go leor don chathair i gcoimhleathan na carraige sin dá mbrisí í, nó poll mór do chur inti, agus do thioctadh an t-uisce aisti ansan."

Do fuair iníon an rí fiche fear de thapagoin,¹¹ agus do thosnaíodar ag léasadh na carraige go lom lúfar láidir gur phléasc sí i ndeireadh na dála. Ansan do streall¹² an t-uisce amach; do scéith agus do leath ar fuaid na háite, ar chuma go ndeachaidh isteach i dtithibh na cathrach. Thug an rí a iníon ansan don dochtúir, agus do pósadh iad, agus dob fhiú é í.

I gceann bhliana d'éis¹³ an phósta, do bhí seisean lá ag siúl leis féin nuair cé bhuaileadh ina threo ach an bheirt bhithiúnach do bhain na súile as. D'aithin seisean iadsan, acht níor b'é sin dála dóibhsean. D'inis seisean dóibh, áfach, cérbh é féin. Do bhí ionadh orthu conas do fuair sé iníon an rí, agus níos mó ná san nuair d'inis sé dhóibh go raibh togha an radhairc aige. D'aithris sé dhóibh a imeachta ó thús deireadh. Ansan do bhíodar ag crith ina gcráiceann le heagla go gcuirfeadh sé tógaint orthu, agus go gcrochfaí iad leis an mbeart bréan d'imríodar air, acht dúirt seisean leo gan aon rud do bheith orthu ina thaobh san, mar leis féin de, mar gur mhaitheas agus ní díobháil do tháinig as dó féin.

"Tá sé chomh maith dhúinne leis," ar siadsan, "dul agus sinn féin do cheangal do chrann, agus b'fhéidir le Dia go n-ineosadh na préacháin chéanna dhúinne, nó préacháin éigin - ba chuma linn mar leis sin de cá bhfaighimis iníon rí le pósadh."

D'imíodar orthu ansan agus do chuardar faoi dhéin na háite mar phiocadar na súile as an bhfear eile agus do cheanglaíodar iad féin féin do dhá chrann. Ba gheárr dóibh ann gur thuirling trí préacháin ar chrann taobh leo.

"Bliain an taca so bhíomair ár dtriúr anso cheana," arsa preachán leis an mbeirt eile, "bhí fear ag éisteacht linn an uair sin, rug leis a ndúramair, agus tá sé go lán láidir anois. Tá beirt eile tagtha arís ámh, le súil go bhfaighidís rud éigin do bharr ár gcainte."

"Sea, más ea; beidh sásamh againne araon as an mbeirt seo láithreach, agus bainfidís a súile astu," agus arna rá san dóibh do léimeadar anuas agus seo ag gobadh súl an dhá bheithiúnach iad gur phiocadar amach astu iad. Do ghreadadar leo ansan, agus do fuair na bithiúnaigh bás sa choill de ghorta agus de ghátar.



Húicéir

¹⁰ Tarrac na té – *tarraingt an tae*

¹¹ Go tapagoin – *go tapa*

¹² Streall = steall

¹³ D'éis – *tar éis*

Caith súil ar *Turas Húicéara*, sraith de chuid TG4 ar thuras a rinne húicéir mór timpeall na hÉireann, as sin go dtí Oileán Mhanann agus ar aghaidh go dtí Albain. Níl sí ró-éadrom ná róthrom: seó taitneamhach.

Féach <http://www.tg4.ie/en/tg4-player.html> - *Turas Húicéara*.

Agus más téarmaí seoltóireachta i nGaeilge atá uait, féach http://ga.wikipedia.org/wiki/Téarmaí_seoltóireachta.



Saighdiúirí gan iomrá

Sa Dara Cogadh Domhanda chuaigh 50,000 Éireannach ar a laghad i bhfórsaí armtha na Breataine; tháinig timpeall 12,000 fear abhaile agus 5,000 duine ina measc a thréig Óglaigh na hÉireann chun dul ag troid thar lear. Cuireadh iad siúd ar dhúliosta: bhí sé an-deacair acu post a fháil agus ceileadh pinsean orthu. Ní dúirt an chuid eile faic faoin gcogadh ar eagla go dtarraingeofaí mí-rún na gcomharsan orthu.

Bhí cinsireacht an-dian ar bun in Éirinn i rith an chogaidh; léití feasacháin ón dá thaobh ar an raidió gan aon scagadh a dhéanamh orthu, agus ní raibh fáilte ag an bpobal roimh na chéad tuairiscí ar na campaí báis (shíl a lán nach raibh iontu ach bolscaireacht Bhriotanach). Ní raibh ag dó na geirbe ag formhór an phobail ach an chiondáil. (Más fíor d'athshaighdiúir amháin, ní raibh tógáil a gcinn as an ólachán ag a lán acu – sólas traidisiúnta.) Ní cogadh a bhí ann ar aon chuma, dar leis na hÉireannaigh: thugtaí 'an Éigeandáil' air.

Bhí cúiseanna áirithe le dearcadh an phobail, go háirithe an chuimhne a bhí acu ar na Dúchrónaigh agus eile timpeall fiche bliain roimhe sin. Bhí siad sásta ligean do Shasana an fód a sheasamh leis féin. Ba é bunú an tSaorstáit séala an pharóisteachais, agus neartaíodh é sin le teacht an chogaidh. Bhí na ceannairí níos ciallmhaire (cé go raibh roinnt polaiteoirí Éireannacha báúil leis na Gearmánaigh): bhí a fhios acu go gcaithfidís réiteach éigin a dhéanamh leis na Briotanaigh, cé go gcuirfeadh sin an neodracht as a riocht.

Ceadáíodh don Bhreatain feidhm a bhaint as cuid den aerspás Éireannach; thugtaí eolas meitéareolaíoch agus faisnéis faoi fhomhuireáin Ghearmánacha don Bhreatain; imtheorannaítí baill de na fórsaí Gearmánacha agus scaoilte saor baill de na fórsaí Comhghuaillleacha; agus bhí Éire agus an Bhreatain sásta cúnaimh a thabhairt dá chéile dá ndéanfadh an Ghearmáin cuid de cheachtar den dá thír a fhorghabháil. Agus mar a dúirt meamram ó lámh an Bhíochúnta Cranbourne, Rúnaí Stáit na Breataine um Ghnóthaí Tiarnas, *bheadh cead ag Éireannaigh ó Dheisceart Éireann dul i bhfórsaí na Breataine*.

Ach na rudaí a raibh Rialtas na hÉireann sásta iad a phlé, bhí siad ag teacht salach ar aineolas agus ar mhíthuiscint an phobail. Dímheas a bhí acu siúd (nó ag a bhformhór) ar aon duine a chuaigh ag troid ar son an tsean-namhaid. Ní deacair a thuiscint cén fáth ar shíl an rialtas nárbh fhéidir an scéal a shoiléiriú; agus bhí an pobal an-sásta gur éirigh le hÉirinn an cogadh a sheachaint.

Mar sin féin, chuaigh fir óga thar lear; iad ag troid sa Fhrainc, san Iodáil, sa Ghearmáin; cuid acu san Arm, cuid eile san RAF. Ag teacht abhaile dóibh ní bhfuair siad rompu ach an doicheall nó an neamhshuim. San Astráil nó sa Bhreatain bhí spéis ag daoine i gcuspóirí an chogaidh agus in eachtraí an bhfórsaí armtha; ach bhí gnáthdhaoine na hÉireann scartha amach ó shruth mór na aimsire, iad sáinnithe i gcuan beag a staire féin.

Tá aitheantas á thabhairt de réir a chéile do na seansaighdiúirí. Foilsíodh leabhar faoin scéal - *Returning Home*, saothar leis an staraí Bernard Kelly.¹⁴ Shocraigh an rialtas anuraidh ar 'phardún' a thabhairt dóibh siúd a thréig Óglaigh na hÉireann.

Ní mó an tsuim a bhí ag lucht na Gaeilge sa scéal ná mar a bhí ag aon dream eile. Gheofaí corrthagairt in *Comhar* (a bunaíodh sa bhliain 1942) don 'saol corrach' a bhí le fáil lastall d'Éirinn, agus corrthagairt don *rationing*, ar nós scéal grinn i gcartún a thaispeáin beirt Ghaeilgeoirí, Fáinne cruinn ar dhuine acu agus Fáinne mantach ar an bhfear eile. 'An féidir gur Fáinne *rationáilte* é sin?' a deir an chéad fhear, ag féachaint ar a chara. 'Ní hea,' a deir an

¹⁴ Kelly, Bernard. *Returning Home: Irish Ex-Servicemen after the Second World War*. Merrion 2012.

fear eile; 'is amhlaidh nach raibh mé sásta i mo chroí go raibh mo chuid Gaeilge maith a dhóthain don Fháinne iomlán.¹⁵

Bhí, ar ndóigh, leithéidí Mháirtín Uí Chadhain (a bhí faoi ghlas i gCurrach Chill Dara) ann: chuir sé siúd suim in imeachtaí an chogaidh, mar is léir óna chuid litreacha.

Is aisteach an chaoi a bhfuil an cogadh ar an aimsir seo. Rinne na Sasanaigh rud éicint faoi dheireadh [i.e. ag El Alamein] dhá fhad go dtí é... Tá na Gearmánaigh, mheasfainn, sáraithe sa Rúis. (26 Samhain 1942)¹⁶

Chríochnaigh an cogadh faoi dheireadh agus thosaigh an imirce – scéal a thug Domhnall Mac Amhlaigh léargas air i nGaeilge. Eisean a thug cuntas greannmhar freisin ar ré na hÉigeandála in *Saol Saighdiúra*. Táimid ag fanacht fós lena leithéid de léargas i nGaeilge ar shaol na saighdiúirí úd a sheas an fód thar lear.



Aduaidh

Os cionn trí bliana ó shin a chríochnaigh an cogadh in Sri Lanka idir an rialtas agus scarúnaithe Tamalacha. D'fhéadfaí a rá gurb iad an tUachtarán Rajapaksa agus a mhuintir is mó a bhain tairbhe as agus iad ag cruinniú cumhachta ó shin. Tá taobh dorcha ar an scéal – iriseoirí á bhfuadach, camastaíl, polaiteoirí ag imirt lámh láidir ar a chéile.

Cuid de sin is ea an t-aighneas idir an rialtas agus na cúirteanna. Rinnead tainseamh ar Shirani Bandaranayake, Príomh-Bhreitheamh na Cúirte Uachtaraí, tainseamh ar dhiúltaigh an chúirt féin dó (féach *An Lúibín*, 20 Eanáir 2013); briseadh an Banuasal Bandaranayake mar sin féin agus ceapadh Mohan Peiris ina háit, rud a tharraing fearg a lán dlíodóirí nótaílte. Deir an t-iarPhríomh-Bhreitheamh go bhfuil eagla a n-anama uirthi féin agus ar a teaghlach – tuairim nach mbeadh gan bhunús agus an tír mar atá sí faoi láthair.

Ina theannta sin, ceist bheo íogair fós is ea scéal na dTamalach, dream a bhfuil a bhformhór le fáil in oirthuaisceart na tíre – an limistéar is boichte. Scéal é a d'fhág a rian ar thíortha eile: sa bhliain 2012 tháinig os cionn sé mhíle lucht iarrtha tearmainn thar farraige anall ó Shri Lanka go dtí an Astráil. Tamalaigh ba ea a bhformhór mór, agus ba lú go mór an líon daoine a tháinig ar an dóigh sin ó thíortha eile: 3,850 duine ón Afganastáin, 2,499 duine ó Iaráin agus 1,099 duine ón bPacastáin.

Cuireadh na mílte duine chun campaí coinneála in Sri Lanka i ndiaidh an chogaidh, agus b'fhéidir go mbeadh cuid acu ag déanamh ar an gcósta anois ag iarraidh éalú ón tír. B'fhéidir, freisin, gur cuimhin le daoine gur aithníodh a lán Tamalach cheana mar dhídeanaithe, scéal a bheadh á insint fós ag na smuigléirí daoine. Tá rialtas na hAstráile i bhfad níos déine anois ar na dídeanaithe úd, ach is fearr le daoine gan cuimhneamh air sin agus deis acu éalú.

Tá cúiseanna difriúla leis an bhfonn sin. Tá tuaisceart na tíre faoi smacht an Airm, tá daoine á bhfuadach agus níl súil le hathrach bisigh. Tá bochtanas ann agus is deacair do dhaoine dul chun cinn: is glas iad na cnoic i bhfad uainn. Ní mór an fháilte atá roimh na Tamalaigh úd san India (cé go bhfuil na Tamalaigh ar cheann de phobail láidre na tíre úd) agus tá doicheall roimh lucht iarrtha tearmainn i dtíortha eile den Áise. Ach ní hé sin an clú atá ar an Astráil fós, agus leanfaidh na dídeanaithe orthu ag teacht nó go dtiocfaidh feabhas ar an ngeilleagar agus ar chearta daonna in Sri Lanka féin.

Féach

* <http://www.radioaustralia.net.au/international/radio/program/asia-pacific/sri-lanka-swears-in-controversial-new-chief-justice/1074108>

* 'Why do asylum boats keep coming from Sri Lanka?' Naomi Selvaratnam, 26 Nollaig 2012, SBS Radio



¹⁵ *Comhar*, Bealtaine 1942.

¹⁶ *As an nGéibhinn*. Sáirséal & Dill, 1973, lch 114.

Sceireanna coiréil: scéal maith agus drochscéal

An dea-scéala: d'ainneoin téamh agus aicidiú an aigéin, an iomarca iascaireachta agus lorg an truaillithe, mairfidh cuid de na sceireanna coiréil agus iad á gcur féin in oiriúint don saol nua de réir mar is gá.

An drochscéala: tiocfaidh laghdú uafásach ar an méid sceireanna coiréil atá anois ann. Tógaimis an Mhórsceir Bhacainneach mar shampla, i bhfianaise tuarascála a d'fhoilsigh an Australian Institute of Marine Science agus Ollscoil Wollongong in *Proceedings of the National Academy of Sciences*. Tá an Mhórsceir á bánú de réir a chéile mar a lán sceireanna eile ar fud an domhain, rud a thiteann amach nuair a díbrítear na halgae atá ina gcónaí ann agus iad ag cruthú cothú le cúnaimh sholas na gréine. Iadsan is bun leis na dathacha iontacha a mheallann na turasóirí, ach is deacair dóibh téamh agus truailliú a fhulaingt.

Rinne athbhreithniú ar 2,258 suirbhé de 214 sceir i limistéar na Mórsceire Bacainní agus rinneadh amach gur laghdaigh an mhúine coiréil ó 28% go 13.8% ó na hochtóidí i leith agus gur tharla an tríú cuid den laghdú sin ón mbliain 1998 amach. Stoirmeacha trópaiceacha ba chúis le 48% den laghdú; crosóga mara spíonchorónacha agus bánú coiréil ba chúis le 42% agus 10% de faoi seach.

B'fhéidir go bhféadfaí srian a chur leis na crosóga. Tá siad beo ar phlanctóin, orgánaigh a mhaireann ar an gcothú atá le fáil i leasú agus i dtruailliú eile a thagann anuas ón tír. Dá nglanfaí an t-uisce thioctadh méadú beagnach 1% in aghaidh na bliana ar an muine coiréil.

Níl sa Mhórsceir ach limistéar coiréil amháin. Tá na crosóga le fáil ar sceireanna eile agus iad ag leá an choiréil. Tagann an truailliú anuas le sruth agus dorchaítear an t-uisce, agus tagann an deascadh freisin de bharr leagan na gcrann agus scaoileadh na hithreach. Tagann na galracha; tagann na hanfaí (ar measade iad de bharr fhorthéamh an domhain); caitheann iascairí pléascáin isteach ar son na creiche agus maraítear an t-iasc a choinníonn srian le feamainn agus le halgae.

Is dona iad na rudaí seo, ach is é téamh an aigéin an fhadhb is mó. Imíonn na halgae ón gcoiréal; aicidítear an fharraige nuair a leánn dé-oscáid charbóin san fharraige, rud a lagaíonn na hiain charbonáite agus a dhéanann díobháil do chnámha aoil an choiréil. Má thagann méadú trí chéim nó ceithre chéim eile ar an meánteocht faoi dheireadh na haoise seo scriosfar an chuid is mó den choiréal: beidh an fuilleach ina chomhartha ar ré nua i stair nádúrtha an domhain seo.

Féach

* <http://www.bbc.com/future/story/20130110-will-we-lose-all-our-coral-reefs>

* http://worldnews.nbcnews.com/_news/2012/10/01/14152900-great-barrier-reef-coral-seeing-major-decline-scientists-report?lite



Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Trí Phréachán

Seo scéal traidisiúnta as *Sgeuluidheacht Chúige Mumhan* (1895). Pádraig Ua Laoghaire (1870-1896) a bhailigh é: cainteoir dúchais agus scoláire éirimiúil a rugadh i gContae Chorcaí.

Na Trí Préacháin.

Bhí triúr buachaillí gan ór gan airgead ann. Chuaigh siad go dtí an domhan thoir agus chuaigh in arm rí áirithe. Bhí siad ann go ceann seacht mbliana. Bhí duine acu socair agus soilbhir, ach bhí an beirt eile fiáin agus tugtha don ól.

Dúirt an fear socair go rachadh sé abhaile. Dúirt an bheirt eile go rachaidís leis.

Tháinig siad go dtí coill mhór uaigneach. Rug an bheirt ar an bhfear socair; cheangail siad de chrann é¹⁷ agus bhain na súile as; ansin ghoid siad a chuid airgid agus scaoil siad é.

D'fhan sé mar sin go ceann trí lá. Ansin thuirling tri phréachán ar chrann in aice leis.

Dúirt an chéad phréachán:

'Dá mb'fhéidir leis an bhfear sin a lámha a chuimilt den drúcht¹⁸ agus na súile chur ina n-áit arís, bheidís chomh maith agus a bhí riamh.'

Dúirt an dara préachán:

'Tá ag teip ar dhochtúirí an domhain iníon rí na háite seo a leigheas; ach tá luibh anseo, agus dá ndéanfadh sé an luibh sin a bheiriú agus an t-uisce a thabhairt d'iníon an rí, bheadh sí chomh maith agus a bhí riamh roimhe sin.'

Dúirt an tríú préachán:

'Tá rí na háite seo chun príomhchathair a ríochta¹⁹ a thréigean toisc go bhfuil easpa uisce uirthi. Dá gcuirfí poll mór sa charraig atá ag an gceann thoir den chathair, sceithfeadh uisce aisti.'

Ansin d'imigh na trí phréachán. Fuair an fear socair a shúile, chuimil a lámha den drúcht, do chuir na súile ina n-áit arís, agus bhí a radharc aige chomh maith agus a bhí aon lá riamh. Fuair sé an luibh agus thug a bhóthar air gur shroich sé cúirt rí na háite sin.

'Cad tá uait?' a dúirt an geatóir.²⁰

'Iníon an rí a fheiceáil chun í a leigheas," a dúirt an fear socair.

'Isteach leat mar sin,' a dúirt an geatóir.

Laistigh den gheata bhí na céadta blaosc.²¹

'Sin cinn na ndochtúirí,' a dúirt an geatóir, 'nár éirigh leo iníon an rí a leigheas.'

Níor lagaigh sin misneach an fhir shocair. Chuaigh sé os comhair an rí, agus dúirt gur theastaigh uaidh a iníon a fheiceáil chun go leigheasfadh sé í.

Osclaíodh doras sheomra iníon an rí dó. Thug sé cuid d'uisce na luibhe beirithe di. Ní tuisce a bhí sin ólta aice ná tháinig sí chuici féin.²² Ghlaigh an rí an fear socair chuige agus dúirt:

'Thabharfainn duit m'iníon anois i gcleamhnas, ach gheobhadh sibh bás d'easpa uisce.'²³

¹⁷ Cheangail siad de chrann é – they tied him to a tree

¹⁸ A lámha a chuimilt den drúcht – to wipe his hands with dew

¹⁹ Príomhchathair a ríochta – the capital of his kingdom

²⁰ Geatóir - gatekeeper

²¹ Na céadta blaosc – hundreds of skulls

²² Tháinig sí chuici féin – she recovered

²³ D'easpa uisce – for want of water

An lá arna mháireach chuaigh iníon an rí agus an fear socair go dtí an ceann thoir den chathair. Chonaic siad carraig an-mhór ard ann. Dúirt an fear socair gur cheart poll a chur inti. Rinneadh é sin agus steall an t-uisce amach. Thug an rí a iníon ansin don fhear socair agus pósadh iad.

I gceann bliana bhí an fear socair lá ag siúl leis féin nuair cé bhuaileadh ina threo ach an bheirt bhithiúnach a bhain na súile as. Bhí ionadh orthu conas a fuair sé iníon an rí.

‘Tá sé chomh maith againne sinn féin a cheangal de chrann,’ a dúirt siad, ‘ agus b’fhéidir go dtiocfadh na préacháin chéanna chugainn.’

Rinne siad é sin agus ba ghearr gur thuirling trí phréachán ar chrann ina aice leo.

‘Bhíomar anseo bliain ó shin,’ a dúirt préachán amháin leis an mbeirt eile, "agus bhí fear ag éisteacht linn. Ghlac sé ár gcomhairle agus tá sé go lán láidir²⁴ anois. Tá beirt eile tagtha, áfach, le súil go bhfaighidís rud éigin de bharr ár gcainte."

‘Sea, más ea,’ a dúirt an bheirt eile. ‘Beidh sásamh againne araon as an mbeirt seo láithreach, agus bainfidid a súile astu.’

Léim siad anuas agus phioc siad na súile as na bithiúnaigh. D’imigh siad leo ansin, agus fuair na bithiúnaigh bás sa choill de ghorta agus de ghátar.

Aduaidh

Chríochnaigh an cogadh i Sri Lanka idir rialtas na tíre agus scarúnaithe²⁵ Tamalacha os cionn trí bliana ó shin. Ba iad an tUachtarán Rajapaksa agus a mhuintir is mó a bhain tairbhe as agus iad ag cruinniú cumhachta ó shin. Tá taobh dorcha ar an scéal fós – iriseoirí á bhfuadach, camastaíl, polaiteoirí ag imirt lámh láidir²⁶ ar a chéile.

Cuid de sin is ea an t-aighneas idir an rialtas agus na cúirteanna. Rinnead tainseamh²⁷ ar Shirani Bandaranayake, Príomh-Bhreitheamh na Cúirte Uachtaraí.²⁸ Dhiúltaigh an Chúirt Uachtarach don tainseamh, ach briseadh an Banuasal Bandaranayake mar sin féin agus ceapadh duine nua ina háit. Rinne a lán dlíodóirí nótáilte agóid faoi sin.

Ina theannta sin, tá na Tamalaigh míshásta. Is beag feabhas a tháinig ar a saol, agus tá mórán acu ag fágáil na tíre. Sa bhliain 2012 tháinig os cionn sé mhíle lucht iarrtha tearmainn²⁹ thar farraige anall ó Shri Lanka go dtí an Astráil, agus Tamalaigh ba ea a bhformhór mór.³⁰ Tá tuaisceart na tíre faoi smacht an Airm agus tá daoine á bhfuadach. Tá bochtanas ann agus is fearr le daoine éalú uaidh.

B’fhéidir gur cuimhin leis na Tamalaigh gur aithníodh a lán Tamalach cheana mar dhídeanaithe san Astráil. Tá rialtas na hAstráile i bhfad níos déine³¹ anois ar na lucht iarrtha tearmainn a thagann ar bord báid, ach ní chuimhníonn daoine in Sri Lanka air sin.

Leanfaidh na Tamalaigh orthu ag teacht nó go dtiocfaidh feabhas ar an ngeilleagar agus ar chearta daonna sa bhaile.

²⁴ Go lán láidir – strong and healthy

²⁵ Scarúnaithe - separatists

²⁶ Lámh láidir - violence

²⁷ Tainseamh - impeachment

²⁸ Príomh-Bhreitheamh na Cúirte Uachtaraí – Chief Justice of the Supreme Court

²⁹ Lucht iarrtha tearmainn – asylum seekers

³⁰ A bhformhór mór – the great majority of them

³¹ Níos déine ar – harder/more severe on